**Pobalscoil Chorca Dhuibhne**

08 Aibreán 2021

A chara,

Beatha agus sláinte chugat.

Beidh Bliain 2 ar ais ar scoil linn Dé Luain an 12 Aibreán 2021.
Tá roinnt eolais anseo agam daoibh maidir le Dé Luain agus an tseachtain seo chugainn.
Tar ar ais chugam má tá ceist ar bith agaibh.

- Tá foirm filleadh ar scoil le líonadh ag daltaí Bhliain 2. Tá sé seolta chucu tríd an ríomhphost scoile. Caithfear é a líonadh agus a chur ar ais go dtí an ríomhphost filleadh2@pcd07.ie roimh mhaidin Dé Luain ag 0830. Is féidir an fhoirm a chur ar ais tríd Aip na Scoile chomh maith. **Ní bheidh cead isteach sa bhfoirgneamh go dtí go mbeidh an fhoirm seo sínithe.**
- Caithfear an éide scoile a chaitheamh mar is gnáth.
- Caithfear cloí leis na treoracha ar fad a bhaineann le Covid 19 agus na daltaí ar scoil. Tuigfimid ar fad cé chomh dáiríre is atá rudaí faoi láthair agus caithfear gach duine sa phobal a chosaint.
- Chun gur féidir linn an scoil a choimeád oscailte caithfimid Covid 19 a choimeád amach. Déanfar é seo tríd na teagmhálaithe a choimeád chomh híseal agus is féidir agus srianta Covid 19 a leanúint go docht. Ciallaíonn sé seo nár cheart meascadh a bheith ag tarlú taobh amuigh dár dteaghlaigh fhéin.
- Caithfear masc a chaitheamh agus sinn ar scoil. Níl cealtaire oiriúnach a thuilleadh.
- Nuair a thagann na daltaí maidin Dé Luain beidh siad ag dul díreach go dtí a seomra ranga. Beidh cruinniú acu liom fhéin agus le Elaine ansin.
- An féidir le aon dalta go raibh Chromebook ón scoil in úsáid acu don tréimhse cianfhoghlama é sin a thabhairt ar ais Dé Luain le bhur dtoil?

Táimid ag súil go mór le fáilte a chur roimh na daltaí arís Dé Luain chun leanúint lena n-oideachas agus chun tacú leo ar scoil.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide

POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

08 Aibreán 2021

*A chara,*

*Second Year students return to school on Monday April 12th. I have some information to share with you here and do not hesitate to come back to me if you have any questions.*

- *All students will need to complete a return to school form which has been sent to their school email. It has to be completed and returned to the following email address filleadh2@pcd07.ie before 0830 on Monday. This form can also be returned through the School App.* ***Students will not be allowed into the building until the completed form has been received.***
- *The school uniform must be worn as normal.*
- *We will need to follow all of the guidelines in relation to Covid 19 when at school. We all understand how serious the situation is at the moment and we all must endeavour to protect everyone in the community.*
- *To ensure that we can keep the school open we have to keep Covid 19 out. We will achieve this by keeping our contacts to a minimum and strictly following the Covid 19 guidelines. This means that mixing outside our own households has to be avoided.*
- *A mask must be worn in school. Visors are no longer suitable.*
- *When the students arrive on Monday morning they will go straight to their classroom where Elaine and I will meet them.*
- *Could any student who was using a Chromebook from school for the period of remote learning kindly return it on Monday please?*

*We are really looking forward to welcoming the students back on Monday to continue with their education and to support them at school.*

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide